An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Department of Education and Skills
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath
N37 X659

Ciorclán: 0036/2016

Chuig: Príomhoidí na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha, Príomhoidí na Scoileanna de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna, agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Treoirlínte maidir le rochtain ar an gClár Iar-Ardteistiméireachta do rannpháirtithe áirithe sa phróiseas tearmainn don bhliain acadúil 2016/2017.

Tagraím do Chiorclán 0048/2015. Beifear ag leanúint leis na socruithe píolótacha do rochtain ar an gClár Iar-Ardteistiméireachta sa bhliain acadúil 2016/17 ar an mbonn seo a leanas do na trí ghrúpa ar leith dá dtagraítear sa Chiorclán sin (iarratasóirí ar thearmann, iarratasóirí ar chosaint choimhdeach, agus daoine a bhfuil cead cónaithe sealadach acu agus nach bhfuil ordú díbeartha eisithe ina leith go fóill):

- Maidir le hiarratasóirí sna trí ghrúpa sin:

  - ní mór go gcomhlíonann siad an sainmhíniú atá tugtha sa Scéim Phíolótach Tacaíochta 2016 ar iarratasóir ar chosaint nó ar dhuine a bhfuil cead cónaithe sealadach aige;

  - ní mór go bhfuil tréimhse chomhcheangailte 5 bliana nó níos mó caite acu sa phróiseas cosanta nó go bhfuil cead cónaithe sealadach acu ar feadh na tréimhse sin faoin 31 Lúnasa 2016;

  - ní mór go bhfuil cúig bliana acadúla curtha isteach acu i gcóras scoile na hÉireann; agus

  - ní mór go bhfuil an Ardteistiméireacht bainte amach acu sa Stát.

- D'fhéadfadh go mbeadh iarratasóirí incháilithe don scéim phíolótach speisialta tacaíochta, a bhfuil sonraí ar fáil fúithi ar shuíomh Gréasáin na Roinne (http://www.education.ie/en/Learners/Services/Pilot-Support-Scheme/)

Phil O'Flaherty
Príomhoifigeach
An Rannán Breisoideachais agus Oiliúna
3 Meitheamh 2016